Postanna i mbaol i gCorcaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phostanna atá i mbaol i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Nuair a dhúnann comhlacht, cad a tharlaíonn do na hoibrithe? Ar cheart don gcomhlacht cabhair a thabhairt dóibh? An bhfuil ról ag an rialtas sa scéal?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. appeal _____
2. dispute _____
3. management _____
4. redundancy packages _____
5. the former workers _____
6. talks _____
7. union representatives _____
8. a promise _____
9. responsibility _____
10. other traders _____
11. a solution _____
12. hopeful _____
13. it's hard to imagine _____
14. to save the jobs _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén uair a dhún Roches Stores i Wilton?
2. Cad a cheap na hoibrithe a bhí le tarlú?
3. Cad atá le tarlú do na hoibrithe anois?
4. Cad a theastaíonn ón gceardchumann?
5. An bhfuil na trádálaithe eile san ionad siopadóireachta sásta?
6. Cén dearcadh atá ag an Aire Mícheál Martin?
7. An bhfuil an tuairisceoir dóchasach faoin scéal? Cén fáth?

Ceist 4 ‘…Beidh sé deacair na postanna *a thabhairt slán*…’
‘…Deir Roches Stores go bhfuil siad chun iomarcaíocht *a thairiscint* do na hoibrithe…’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Muna bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí thíos. Beidh ort an focal idir lúibíní a athrú.

1. Tá an crann ró-ard agus caithfear é a _____ síos. (gearr)
2. Chaill Seán eochair an tí agus bhí air an fhuinneog a _____ chun dul isteach. (bris)
3. Tá cuireadh agam chuig bainis an mhí seo chugainn agus beidh orm bronntanas deas a _____. (ceannaigh)
4. Ní raibh aon teas sa scoil ar maidin agus bhí ar an bpríomhoide an scoil a _____. (dún)
5. Tá siad chun bóthar nua a _____ amach as cathair na Gaillimhe toisc go bhfuil an trácht go dona. (tóg)

Ceist 5 ‘…Tá sé i gceist ag an g*ceardchumann* iarracht a dhéanamh na postanna a shábháil…’

ceard + cumann = ceardchumann

Nuair a chuirtear dhá ainmfhocal le chéile chun focal nua a dhéanamh, cad a tharlaíonn don dara ainmfhocal?

Anois déanaigí iarracht na hainmfhocail thíos a cheangal. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

1	cros + bóthar	crosbhóthar
2	téip + taifeadán	
3	mótar + bealach	
4	fíon + gort	
5	fís + caiséad	
6	pobal + breith	
7	sráid + baile	
8	carr + clós	
9	tír + grá	
10	sobal + clár	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Cad is féidir le iaroibrithe Roches Stores a dhéanamh anois? Cad a mholfá dóibh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. achainí
2. aighneas
3. bainistíocht
4. pacáistí iomarcaíochta
5. na hiariobrithe
6. comhchainteanna
7. ionadaithe an cheardchumainn
8. geallúint
9. freagracht
10. trádálaithe eile
11. réiteach
12. dóchasach
13. tá sé deacair a shamhlú
14. na postanna a thabhairt slán/a shábháil

Ceist 3

1. Dhun Roches Stores an mhí seo caite.

2. Cheap na hoibrithe go mbeidís fós fostaithe ag grúpa Marks & Spencer.

3. Beidh siad ag cailleadh a gcuid postanna. Dúirt bainistíocht Roches Stores leis na hiaroibrithe go mbeidís ag tabhairt íocaíochtaí iomarcaíochta dóibh an tseachtain seo chugainn.

4. Creideann ionadaithe an cheardchumainn Mandate gur tugadh geallúint do na hiaroibrithe go n-aistreofaí go Marks & Spencer iad agus teastaíonn uathu go nglacfadh Roches Stores freagracht dó sin.

5. Deir siad go bhfuil siad ag fulaingt go mór tar éis do Roches Stores dúnadh an mhí seo caite.

6. D'iarr sé ar na páirtithe go léir teacht le chéile chun iarracht amháin eile a dhéanamh chun réiteach de shaghas éigin a chur i bhfeidhm ach níl sé dóchasach in aon chor faoi láthair.

7. Níl. Os rud é go ndéanfaidh Roches Stores méid na n-íocaíochtaí iomarcaíochta a áireamh sa tseachtain atá romhainn, tá sé deacair a shamhlú conas gur féidir na postanna a thabhairt slán, dar leis an tuairisceoir.

Ceist 4

Is é an t-ainm briathartha atá i gceist anseo.

1. é a ghearradh
2. an fhuinneog a bhriseadh
3. bronntanas deas a cheannach
4. an scoil a dhúnadh
5. bóthar nua a thógáil

Ceist 5

Nuair a chuirtear dhá ainmfhocal le chéile chun focal nua a dhéanamh, bíonn séimhiú ar an dara ainmfhocal.

1	cros + bóthar	crosbhóthar
2	téip + taifeadán	téipthaifeadán
3	mótar + bealach	mótarbhealach
4	fíon + gort	fíonghort
5	fís + caiséad	físchaiséad
6	pobal + breith	pobalbhreith
7	sráid + baile	sráidbhaile
8	carr + clós	carrchlós
9	tír + grá	tírghrá
10	sobal + clár	sobalchlár

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Rinne an tAire Fiontair agus Fostaíochta Mícheál Ó Máirtín achainí eile tráthnóna ar na páirtithe go léir a bhfuil baint acu le aighneas Roches Stores i Wilton i gCorcaigh, iarracht amháin eile a dhéanamh leis na 172 post atá i gceist a thabhairt slán. Dúirt bainistíocht Roches Stores ar maidin nach raibh aon rogha acu ach pacáistí iomarcaíochta a thairiscint do na hoibrithe. Tá an scéal ag Barraí Mescall.

Barraí Mescall

Tar éis do ollmhargadh Roches Stores i Wilton dúnadh an mhí seo caite, thuig na hiaroibrithe go mbeidís fós fostaithe ag grúpa Marks & Spencer. Theastaigh ó Mharks & Spencer seilbh d'fháil ar léas Roches Stores ar an bpraghas céanna is a bhí ag Roches. Ach theastaigh ó úinéir an ionaid dúbailt an teacht isteach d'fháil ó Mharks & Spencer. Theip ar chomhchainteanna ar an Aoine seo imithe tharainn in ainneoin is gur dhéan an tAire Martin iarracht na páirtithe go léir a thabhairt le chéile. Ar maidin dúirt bainistíocht Roches Stores leis na hiaroibrithe go mbeidís ag tabhairt íocaíochtaí iomarcaíochta dóibh an tseachtain seo chugainn. Creideann ionadaithe an cheardchumainn Mandate gur tugadh geallúint do na hiaroibrithe go n-aistreofaí go Marks & Spencer iad agus teastaíonn uathu go nglacfadh Roches Stores freagracht dó sin. Dhiúltaigh Roches Stores aon ní a rá faoi seo. Tuigtear do Nuacht TG4 go lorgóidh trádálaithe eile an ionaid urghaire san Ardchúirt amárach ar an mbonn go bhfuil siad ag fulaingt go mór tar éis do Roches Stores dúnadh an mhí seo caite. Tráthnóna d'iarr an tAire Fiontair agus Fostaíochta Mícheál Martin ar na páirtithe go léir bualadh le chéile aon bhabhta amháin eile.

Mícheál Martin

D'iarr mé ar gach éinne agus na páirtithe go léir teacht le chéile chun iarracht amháin eile a dhéanamh chun réiteach de shaghas éigin a chur i bhfeidhm agus táim fós ag bualadh le gach aon dream, ach chun na fírinne a rá, is ana-dheacair a rá, agus nílim dóchasach in aon chor faoi láthair.

Barraí Mescall

Tá sé i gceist ag an gceardchumann Mandate agus ag an Aire Fiontair agus Fostaíochta Mícheál Martin leanúint lena n-iarrachtaí chun na postanna a shábháil. Ach os rud é go ndéanfaidh Roches Stores méid na n-íocaíochtaí iomarcaíochta a áireamh sa tseachtain atá romhainn, tá sé deacair a shamhlú conas gur féidir na postanna a thabhairt slán.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, Corcaigh